


## se..., seo... agus sé...

Éistigí leis na focail.

seacláid

seolta

Séamas

Féachaigí ar na pictiúir agus abraigí na focail i mo dhiaidh.



seacláid



seolta



Séamas

Féachaigí ar na pictiúir. Éistigí leis na habairtí agus abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is maith le Séamas seacláid.
2. Tá na seolta crochta ar an mbád sin. Níl aon duine inti!

Éistigí leis na focail seo anois. Abraigí i mo dhiaidh iad.

séabra

seacht

séipéal


seilide




séabra



seacht



seipéal



seilide

Cé acu de na pictiúir sin is deise leat?


## se... agus sé...

Féachaigí ar na pictiúir. Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.




1. Tá seacht séabra sa zú.

2. Tá an seilide ag sleamhnú ar an talamh.



3. Is séipéal an-sean é an séipéal atá sa phictiúr.

4. Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.



5. Is seilf an-ard í seo. Tá Teidí ansin!

6. Cén séasúr atá againn faoi láthair – an t-earrach, an samhradh, an fómhar nó an geimhreadh?



## seo... agus sia...

Éistigí leis na focail.

seomra

seol

seolta

Féachaigí ar na pictiúir agus abraigí na focail i mo dhiaidh.



seomra ranga



seolta



Céard é an difear idir seol agus seolta?

Éistigí leis na habairtí agus abraigí i mo dhiaidh iad.


1. Déanaim obair mhaith sa seomra ranga.
2. Crochfaidh mé seolta mo bháid san earrach.

Focail eile anois. Féachaigí ar na pictiúir agus sibh ag rá na bhfocal i mo dhiaidh.

siar

sianaíl

siamsa



siar



Cloisim sianaíl



siamsa

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

3. Téim siar go Maigh Eo ar mo laethanta saoire.
4. Cloisim sianaíl na muilté gaoithe agus mé in aice leo.
5. Bíonn siamsa breá ann ar Lá Fhéile Pádraig!

## Na Cnuaschonsain



## SC

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

scútar

scáth

scéal

scór



scútar



scáth



scéal

20

scór

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Imíonn Bríd an-scioptha ar a scútar.
2. Ní féidir liom breith ar mo scáth!
3. Dia dhuit, a Ruairí. An bhfuil aon scéal nua agat dom?
4. Scór. Sin focal eile ar **fiche**.

Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail agus na habairtí i mo dhiaidh.

scadán

scian

scuab

scíth



scadán



scian



scuab



scíth

5. Snámhann go leor scadán le chéile.
6. Fainic! Tá an scian sin géar!
7. Is scuab mhaith í sin don urlár.  
Faigh do scuab ghuaise agus scuab do ghruaig.
8. Scuab d'fhiacra le do scuab fiacal. Tóg scíth ansin.



## CR

Éistigí leis na focail. Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

crá croí

cróch

cruth


croibh  
croibh



crá croí



cróch



cruth



croibh

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is crá croí é a bheith ag fanacht leis an mbus.
2. Tagann an cróch aníos go luath san earrach.
3. Tá cruth deas ar an áirse sin.
4. Nach géar iad na croibh atá ar an ulchabhán!



Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

crios

críoch

cré

Creim



crios



críoch



cré



Creim

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

5. Cuir ort an crios sábhála agus tú sa charr.
6. Rás fada! Is ag barr an bhóthair atá an críoch líne.
7. Is ag tochailt na cré le spád atá an fear sa phictiúr.
8. Creim an rópa le d'fhiacra don leon, a luchóg!

# br

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

Bríd

brat

broc

brí




Bríd



brat



broc



brí

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Leag Bríd a brat ar an talamh. *(Abair Bríd le meangadh.)*
2. Is san oíche a bhíonn an broc ag dul thart.
3. Tá brí sa chailín sin! Matáin!

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

Bris

ag brú

bruach


braon



Bris



ag brú



bruach



braon

Éistigí agus abraigí na habairtí i mo dhiaidh.

4. Bris an tseacláid agus roinn í. *(Abair Bris le meangadh.)*
5. Ná bí ag ag brú do chara!
6. Chuir an abhainn thar bruach. Bhí uisce ar an mbóthar. Fuarlaigh.
7. O! Ó! Tá an braon anuas!



Cé mhéad siolla atá sa bhfocal **abhainn**? abh + ainn = abhainn. Dhá shiolla.

# tr


Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

tráta

tralaí

trí

troid



tráta



tralaí



trí



troid

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Tá go leor síolta sa tráta sin.
2. Tá an tralaí sin folamh.
3. Seo í uimhir a trí! *(Abair trí le meangadh.)*
4. Éirigí as an troid sin!

Éistigí go cúramach leis na focail.

treibh

triantán  
triantáin

traein  
go tréan



treibh



triantáin



traein

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

5. Feicim treibh agus sin treibh eile. *(Abair treibh le meangadh.)*
6. Bíonn trí thaobh ar gach triantáin.
7. Imíonn an traein go tréan. *(Abair tréan le meangadh.)*



## cl

Éistigí leis na focail. Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

clog


clár

clós

clúmh



clog



clár



clós



clúmh

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Cloisim clog. Éist le cling an chloig sin.
2. An bhfaca tú clár TG4? Beidh Cula 4 na nÓg ar siúl ag a seacht a chlog!
3. Ó! Clós spraoi! Feicim dhá luascán!
4. Tá clúmh bog ar an sicín sin. Níl na cleití fásta fós.

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

cluiche

clogad

cloigeann

cluasán  
cluasáin



cluiche



clogad



cloigeann



cluasáin

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

5. Imríonn daoine an cluiche iomána le camán agus sliotar. Caitheann siad clogad chun an cloigeann a chosaint.
6. Cuirim cluasáin orm agus mé ag éisteacht le ceol.

## dr

Éistigí! Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

dris

drúcht

dréimire

draein




dris



drúcht



dréimire



draein

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Fásann sméara dubha ar an dris. (*Abair dris le meangadh.*)
2. Bíonn drúcht ar an bhféar ar maidin sa samhradh. Sin braonta beaga uisce.
3. Chonaic mé fear ag dreapadh suas an dréimire.
4. Téann báisteach síos an draein.

Éistigí! Amharcaigí! Abraigí!

draoi

dreancaid  
dreancaidí

druid

drámh



draoi



dreancaidí



druid



drámh

5. Bíonn draíocht ag an draoi.
6. Tá an madra bocht cráite ag na dreancaidí.
7. Is éan é an druid. Cleití dubha le spotaí liathbhána atá air.
8. Níl aon mhaith sna cártaí sin. Drámh atá iontu.

# gl

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

glam

glúin

glas

glas



glam



glúin



glas



glas

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Lig an mac tíre glam as.
2. Glúin. Sin alt i do chos. Lúb na glúine!
3. Tá dath glas ar an bpéint sin.
4. Sin é glas mo rothair! Tá glas glas agam!



Éistigí! Féachaigí! Abraigí!

glór

glób

glé

glic



glór



glób



uisce glé



glic

5. Éist leis an gcailín. Tá glór álainn aici.
6. An bhfuil glób agaibh sa seomra ranga?
7. Uisce! Uisce! Uisce glé! Tá sé go deas. Is maith liom é.
8. D'imir an sionnach glic cleas ar an mac tíre.

# gr

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

grág

grá

gráinneog

grán rósta



grág



grá



gráinneog



grán rósta

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Ní maith liom grág an snaga breac. Tá glór gránna aici.
2. Tá grá agam do mo Mhamaí.
3. Chonaic mé gráinneog sa ghairdín aréir.
4. Ithim grán rósta agus mé sa phictiúrlann.

Éistigí! Amharcaigí! Abraigí!

grian / an ghrian  
/ grianmhar

gread

greim

gruaig



an ghrian



gread



greim



gruaig

5. Tá an ghrian ag éirí. Beidh lá álainn grianmhar againn.
6. Buail bos! Gread cos! Cas timpeall is glac sos!
7. Tá Gráinne ag caoineadh! Bhain an madra greim aisti!
8. Tá gruaig fhada ar Róisín.

## st agus sl


Éistigí leis na focail. Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

stail

stíl

stán


a stór



stail



stíl



stán



a stór

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Stail. Sin é an capall fireann – an daidí.
2. Is maith liom do stíl ghruaige.
3. Is as stán a dhéantar cannaí.
4. Suigh síos ar an stól, a stór. Glac sos.



stól


Éistigí! Féachaigí Abraigí!

sliabh

slí

slua

slán



sliabh



slí



slua



slán

5. Corrán Tuathail is ainm don sliabh is airde in Éirinn.
6. Níl eolas na slí ag Neasa.
7. Bhí slua mór sa chathair inné.
8. D'fhág Sinéad slán ag Mamaí.
9. Tá slat iascaigh ag Deaide.



slat iascaigh

## sp

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

spás

spórt

spóc

spád



spás



spórt



spóc



spád

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Ar mhaith leat dul amach sa spás?
2. Is maith liom spórt a imirt.
3. An bhfuil spóc cam ar an roth sin?
4. Rinne Deaide poll sa ghairdín leis an spád.



sparán

spúnóg

spota

speal



sparán



spúnóg



spota



speal

5. Seo airgead duit. Cuir isteach i do sparán é.
6. Tugann Mamaí anraith dom ó spúnóg.
7. Cé mhéad spota atá ar an mbóin Dé?
8. Is féidir féar a bhaint le speal.



## pr agus sr

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

próca

prás


práta  
prátaí



próca



prás



prátaí

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Ceannaigh próca suibhe dom, le do thoil. Sú talún.
2. Is as prás atá an trombón déanta.
3. Ar mhaith leat prataí bruite nó prataí rósta?

Éistigí! Breathnaigí! Abraigí!

sráid

srian

sruthán

sruthlú



sráid



srian



sruthán



sruthlú

Abraigí na habairtí i mo dhiaidh agus sibh ag breathnú ar na pictiúir.

4. Feicim tithe ar dhá thaobh na sráid sa phictiúr.
5. Feicim srian dubh ar an gcapall bán.
6. Is ag sní tríd an ngleann atá an sruthán.
7. Is ag sruthlú na T-léine atá an buachaill beag.

## fr

Abair le meangadh na focail a thosaíonn le *fré... fre... frí... nó fri...*

Éistigí leis na focail. Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

friochtán

freagra

fréamh

fraoch



friochtán



freagra



fréamh




fraoch

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Frioch + tán – sin an focal friochtán. (*Abair friochtán le meangadh.*)
2. A Mhúinteoir! Tá an freagra agam!
3. Is fréamh í an raidis. Fásann sí faoin talamh.
4. Fásann fraoch ar an bportach.

freangach

frídín frídíní



freangach



frídíní

Abraigí na habairtí i mo dhiaidh.

5. Is cineál siorca é an freangach.
6. Maraíonn uisce agus gallúnach na frídíní.

Siollaí anois. Tá dhá shiolla sna focail seo. Abraigí iad.

1. frioch + tán = friochtán
2. freag + ra = freagra
3. freang + ach = freangach
4. frí + dín + í = frídíní



## pl

Éistigí leis na focail. Breathnaígí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

plúr

pluid

pluca

plap!



plúr



pluid



pluca



plap!

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is féidir arán a dhéanamh as plúr.
2. Chuir mo mhamaí pluid dheas the ar mo leaba.
3. Nach deas iad na pluca atá ar an bpáiste beag sin.
4. Thit braon uisce den phlanda le plap.

Dhá fhocal nua! Éistigí leo.

pléascóg

pleidhcíocht

Comhairfimid na siollaí.

pléasc + óg = pléascóg. Tá dhá shiolla ann.

pleidh + cí + ocht = pleidhcíocht. Tá trí shiolla ann.



pléascóg



ag pleidhcíocht

5. Tharraing mé pléascóg le mo dhriofúr um Nollaig.
6. Is ag pleidhcíocht atá an buachaill beag.

## sm

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

smólach

Sméid

smaragaidí


smut



smólach



Sméid



smaragaidí



smut

Siollaí anois. Comhairfimid iad.

smól + ach = smólach. Dhá shiolla.

smar + a + gaid = smaragaid. Trí shiolla.

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is éan é an smólach.
2. Sméid sé a shúil, tar éis bob a bhualadh ar a chara.
3. Is cloch luachmhar í an smaragaid.
4. Thuirling féileacán ar smut an mhadra.

Éistigí! Breathnaígí ar na pictiúir. Abraigí na focail agus na habairtí i mo dhiaidh.

smugairle róin

smeach



smugairle róin



smeach

5. Chuir smugairle róin ga ionam uair amháin.
6. Bhain sí smeach as a méar in am leis an gceol.

## sn


Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

snag



snag

snámh



snámh

ag snoí



ag snoí

mias snoite



mias snoite

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is éan é an snag breac. Fásann cleití dubha agus bána air.
2. An bhfuil tú in ann snámh féileacáin a dhéanamh?
3. Is ag snoí adhmaid atá an duine sa phictiúir.
4. Nach deas é an mias snoite a rinne sé.

Cé as a thagann olann? Inseoidh na pictiúir an scéal...



caora agus uan



bearradh caorach



sníomh



snáth olann

5. Is ag sníomh snátha as olann caorach atá an bhean sa phictiúir.

## cn

Deir daoine 'cr' le haghaidh **cn** i gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh.




Tharla timpiste. Fágadh **cneá** ar an lámh san áit a bhfuil an **cneas** gearrtha. Ciallaíonn **cneas** craiceann.

Is focal eile ar **craiceann** é cneas.

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

cnap




cnap

cneá



cneá

cnámh



cnámh

cnó  
cnónna



cnónna

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Rinne duine éigin cnap gainimh leis an spád.
2. Is cneá thinn í sin. Tá an cneas gearrtha agus bindealán air.
3. Sin cnámh coise sa phictiúir thuas.
4. Is é an cnó coille an cnó is deise liomsa.

Itheann daoine go leor cnónna Oíche Shamhna.

Dún do shúile. An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar abairt nó dhó?

## gn, tn agus tl


Deir daoine 'gr' le haghaidh gn i gCúige Chonnacht agus i gCúige Uladh.

Éistigí leis na focail. Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

gnú

gnó

gníomh



gnú



gnó



gníomh

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is san Afraic a chónaíonn an gnú.
2. Is é gnó an siopadóra earraí a dhíol le daoine.
3. Is iontach an gníomh é sliotar a bhualadh san aer!  
Is gníomh iontach eile é ruathar aonair a dhéanamh!



Féachaigí ar na pictiúir. Éistigí! Abraigí! Deir daoine 'tr' le haghaidh 'tn' i gCúige Uladh.

tnúth

tláith


tlú



tnúth



solas tláithlag



tlú

4. Tá an cat ag tnúth chomh mór sin le hiasc, go bhfuil sé ag brionglóideach faoi.
5. Solas tláithlag a bhíonn ann roimh bhreacadh an lae.
6. Píoc suas an rolla aráin leis an tlú.

## bl agus fl

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

bláth  
bláthanna

blas

blús

bliain




bláthanna



blas



blús



bliain

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Tosaíonn na bláthanna ag fás san earrach.
2. Taitníonn blas na milseán sin liom.
3. Blús le muinchillí gearra atá sa phictiúr thuas.
4. Bliain nua faoi shéan agus faoi mhaise duit!



flaigín

fleiscín

fliúit



flaigín


an - mhór

fleiscín



fliúit

5. Tugaim flaigín liom ar scoil. Bíonn deoch the agam ann.
6. Is líne bheag í an fleiscín. Bíonn sí idir focail scaití.  
Breathnaigh ar an bhfleiscín atá idir na focail **an** agus **mhór**.
7. Is féidir ceol an-deas a bhaint as fliúit adhmaid, agus as fliúit airgid.



Ar fhoghlaim tú focail nua inniu? Abair na focail a d'fhoghlaim tú.

## dl

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

dlí

dlúth

dlús

dlíodóir



ceo dlúth



dlús



dlíodóir

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Géill slí! Is é sin an dlí agus tú ag tiomáint ó bhóthar beag go bóthar níos mó.
2. Feicim ceo dlúth ar na crainn sa choill.
3. Déan deifir! Tosaigh ag scríobh go beo! Cuir dlús leis an obair.
4. Is ag obair sa chúirt a bhíonn an dlíodóir.

Comhair na siollaí.

Cé mhéad siolla atá sa bhfocal **dlíodóir**? dlí + o + dóir = dlíodóir. Trí shiolla.



Dlúthcheo

## mn

Níl ach focal Gaeilge amháin ann a thosaíonn le **mn**.

mná



Tá go leor ban in Éirinn. Léiríonn na pictiúir cuid de na gairmeacha a bhíonn ag mná na hÉireann.



1. Is lúthchleasaí í an bhean seo.

2. Tá páiste an-óg ag na mbean seo.



3. Is ealaíontóir í an bhean seo.

4. Is dochtúir í an bhean seo.



5. Is mamaí í an bhean seo. Tá sí ag léamh lena clann.

6. Seo bean óg. Tá sí ag súil le páiste.



7. Seo seanbhean. Siúlann sí le maide coise. Is bean dheas í.

8. Tá an bhean seo ag guí.



## str

Éistigí leis na focail. Breathnaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

straois

strainc

stromptha



straois



strainc



stromptha

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Tá straois gháire ar an gcailín beag.
2. Feicim strainc ghránna ar an bhfear bréige.
3. Tá an leaidín sin stromptha leis an bhfuacht.

Éistigí! Amharcaigí! Abraigí!

stríoc  
stríoca

Stríoc!

stróicthe



stríoca



Stríoc!



stróicthe

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

4. Tá níos mó ná stríoc amháin ar an T léine seo.
5. Stríoc an páiste na leathanaigh as an leabhar!
6. Ó! Tá mo threabhsar stróicthe!
7. Bíonn stríoca dubha ar an tíogar.

Comhair na siollaí. treabh + sar = treabhsar. Dhá shiolla.



## scr

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

scríobhaí


ag scríobh  
scriosán

scrolla


scread



scríobhaí



ag scríobh / scriosán



scrolla




scread

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Feicim scríobhaí ag scríobh ar scrolla.
2. Ó! Rinne mé botún! Teastaíonn scriosán uaim.
3. Tá asal ag grágaíl. Ar chuala tú scread an asail sin?
4. Bain an scaith leis an spád!




sraith



An raibh a fhios agat?

Is le cleite agus le dúch a scríobh manach an lámhscríbhinn álainn seo fadó?



Comhairfimid na siollaí!

Cé mhéad siolla atá sa bhfocal **lámhscríbhinn**?  
lámh + scríbh + inn = lámhscríbhinn. Trí shiolla.

## spr

Éistigí leis na focail.

sprús

spréach  
spréacha

sprae


Breathnaí gí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.



sprús



spréacha ón tine



sprae

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Is é an sprús an crann Nollag a bhíonn againn.  
Is maith liom soilsí beaga ildaite agus maisiúcháin a chur air.
2. An bhfaca tú spréacha na tine ag spréacharnach sa spéir dhorcha riamh?  
Chonaic, nó ní fhaca?
3. Téann sprae na farraige suas go hard san aer uaireanta.

Is litir chiúin í an dara litir 'i' sa bhfocal **maisiúchán**.  
Is litreacha ciúine iad an 'e' sa bhfocal **uaireanta**  
agus 'a' sa bhfocal **spréacharnach**.

## scl

Éistigí leis na focail.

scléip

sclamh

sclábhaí

scliúchas

Amharcaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.



scléip



sclamh



sclábhaí



scliúchas

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Bíonn scléip agus spórt ag na daoine a shiúlann sa bparáid mhór.
2. Thug mé bia do chat tanaí. Ní raibh scioltar ar an gcréatúr.  
Sclamh sé siar an bia.
3. D'fhuadaigh foghlaithe mara Naomh Pádraig nuair a bhí sé óg.  
Ba sclábhaí é, an chéad uair a tháinig sé go hÉirinn.
4. Ní tharraingíonn Maitiú agus Miriam le chéile. Bhí sé ina scliúchas eatarthu ar an tsráid.

Siollaí anois.

sclábh + aí = sclábhaí. Dhá shiolla.

Chomhair mé dhá shiolla.

Is litir chiúin í an 'a' in sclábhaí.

scliú + chas = scliúchas. Dhá shiolla.

Chomhair mé dhá shiolla.

## spl

Éistigí leis na focail. Féachaigí ar na pictiúir. Abraigí na focail i mo dhiaidh.

splais

splanc

spleodrach



splais



splanc



cailín spleodrach

Éistigí leis na habairtí. Abraigí i mo dhiaidh iad.

1. Rinne an páiste splais mhór sa lochán.
2. Is féidir splanc a dhéanamh le breocholch agus le cruach, má chuimlíonn tú le chéile iad.
3. Féach ar an gcailín spleodrach sa bpictiúr atá ag preabadh ar an trampailín.



4. Tá an buachaill spleodrach seo ag preabadh ar a thrampailín freisin!
5. Seo beirt seandaoine atá ag damhsa. Nach iad atá spleodrach!

**Siollaí anois.**

Cé mhéad siolla atá sna focail **spleodrach** agus **trampailín**?

Comhairfidh muid iad.

spleo + drach = spleodrach. Dhá shiolla.

tram + pa + **i**lín = tramp**a**ilín. Trí shiolla.

# An tUrú 1 Fuaim eile



## An tUrá ar c: gc

Fuaim nua tar éis **seacht, ocht, naoi, deich**.

Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

coinneal




1. Las Cítí seacht gcoinneal.

cabáiste




2. Bhí ocht gcabáiste ar díol sa siopa.

cróch



crann



3. D'fhás naoi gcróch sa ngairdín.


4. Chuir Cóilín seacht gcrann sa ngairdín.

camán



5. Teastaíonn níos mó ná seacht gcamán ón bhfoireann.

cruth



6. Feicim ocht gcruth éagsúla anseo.

## An tUrá ar t: dt

Fuaim nua tar éis **seacht, ocht, naoi, deich**.


Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

tíogar




1. Feicim seacht dtíogar.

tua



2. Bhí ocht dtua ar díol sa siopa.

teileascóp



tarraiceán



3. Thit naoi dteileascóp den tseilf.


4. Tá deich dtarraiceán sa gcófra.

tairne



5. Feicim seacht dtairne. Cuir ar an mbinse iad.

tolg



6. Cheannaigh Seán ocht dtolg don óstán.



## An tUrá ar b: mb

Fuaim nua tar éis **seacht, ocht, naoi, deich**.

Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

bumbóg


bláth



1. Thuirling seacht mbumbóg ar sheacht mbláth.

bleibín

barra rotha



3. Dhíol an siopadóir ocht mbarra rotha. Bhí ocht mbleibín i ngach barra rotha.


blaosc



4. Feicim naoi mblaosc briste.

buíocán

gealacán



5. Seo deich n-ubh fhriochta. Feicim deich mbuíocán sna gealacáin uibhe.

bobailín

beartán




6. Tá seacht mbeartán ansin a bhfuil seacht mbobailín orthu.

## An tUrá ar f: bhf


Fuaim nua i ndiaidh **seacht, ocht, naoi nó deich**.

Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

fógra




fiach dubh



1. Chroch Fionnán seacht bhfógra ar an mballa.

2. Feicim ocht bhfiach dubha ar an bhfuinseog.

faoitín



3. D'ith Fiachra naoi bhfaoitín an tseachtain seo caite.

frog



4. Tá ocht bhfrog beag sa linn anois. Ní torbáin iad níos mó.

fáinne



5. Chuir Ríona deich bhfáinne ar a méara agus ar a hordóga.

## An tUrá ar g: ng

Fuaim nua i ndiaidh **seacht, ocht, naoi** nó **deich**.


Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

gloine




1. Nigh Gearóid seacht ngloine.

gallán



gadhar



2. Seasann ocht ngallán ar bharr an tsléibhe.

3. Thosaigh naoi ngadhar ag tafann ag an am céanna.

gúgán



4. Mhair deich ngúgán sa lochán sáile.

giorria



5. Léim deich ngiorria suas ar an gclaí.

gabhar



6. Mhill ocht ngabhar na rósanna a bhí ag fás sa ngairdín.

## An tUrá ar p: bp

Fuaim nua i ndiaidh **seacht, ocht, naoi** nó **deich**.

Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.

puisín



1. Rith seacht bpuisín i ndiaidh a chéile.

plúirín sneachta




2. D'fhás ocht bplúirín sneachta sa ngairdín.

pearóid




3. D'eitil naoi bpearóid suas san aer.

péist




paiste



4. Shleamhnaigh deich bpéist ar an bhféar.

5. D'fhuáil Úna seacht bpaiste ar an treabhsar.

paca cártaí



paicéad criospaí




6. Cheannaigh Pól ocht bpaca cártaí agus ocht bpaicéad criospaí.

# An tUrú ar d: nd

Fuaim nua i ndiaidh **seacht, ocht, naoi** nó **deich**.

Scéilín dhá leathanach atá anseo.

Déarfaimid an focal agus ansin déarfaimid an abairt. Éistigí agus abraigí.




1. Phrioc seacht ndealg lámha Anna nuair a phrúnáil sí na rósanna.
2. Chonaic sí dhá nead dreoilín a raibh ocht ndreoilín óga iontu.

dreoilín teaspagh



drúchtín



3. Léim naoi ndreoilín teaspagh ó thráithnín go tráithnín faoina cosa.
4. Thosaigh an bháisteach. Shleamhnaigh deich ndrúchtín thairsti ar an bhféar.

dath



damhsa



5. Chonaic Anna seacht ndath ar a laghad i mbogha ceatha, tar éis múr báistí.
6. Rinne sí ocht ndamhsa le háthas nuair a ghlan an bháisteach.

dumhach



7. Ós rud é go raibh aimsir thirim ann anois, d'imigh sí go dtí ceann de na naoi ndumhach a bhí gar dá teach. Rolláil sí síos. Ansin rolláil sí síos gach dumhach eile ar a sheal.

## An tUrú 2

**réamhfhocal + an + urú + ainmfhocal**

i gConnachta agus i Mumha

**réamhfhocal + an + ainmfhocal séimhithe**

in Uladh, féach leathanaigh 137–142.

Glactar leis an dá chleachtas sa gCaighdeán Oifigiúil.



## An tUrá – Fuaim eile gc

Cuirimid urú ar **c** i ndiaidh **ar an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an gc**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.



1. Is ar an gcró atá an madra!




2. Is ar an gciseán atá an bheach.



3. Tá úlla ag fás ar an gcrann úll.



4. Is ar an gcófra atá an cat!



5. Níl coiléar ar an gcoileán seo!



6. Tá pócaí ar an gcóta seo.

7. Thuirling an bheach ar an gciseán.

8. Cá bhfuil an cat? Tá sé ar an gcófra.

9. An bhfuil coiléar ar an gcoileán? Níl!

Athraíonn **urú** túsphuaim an fhocail. Is í fuaim **g** urú **c**.

## An tUrá – Fuaim eile mb

Cuirimid urú ar **b** i ndiaidh **ar an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an mb**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.




1. Is ar an mbosca atá an sicín.



2. Tá an lampa ar an mbord.



3. Is ar an mballa atá an cat.



4. Tá an liathróid ar an mbosca.



5. Is ar an mbábóg atá an gúna leis an dá chroí!

6. Tá an sicín ina sheasamh ar an mbosca.

7. Is ar an mbord atá an lampa.

8. Feicim an cat ar an mballa.

9. Meas tú cé chomh fada agus a fhanfaidh an liathróid ar an mbosca?

10. Is breá liom an gúna atá ar an mbábóg. Tá meangadh ar an mbábóg freisin.

Athraíonn **urú** túsphuaim an fhocail. Is í fuaim **m** urú **b**.

## An tUrú – Fuaim eile bhf

Cuirimid urú ar **f** i ndiaidh **ar an, as an agus ag an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an bhf, as an bhf agus ag an bhf**  
Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an féasta



1. Tá cuma bhreá ar an bhféasta.



an fia

2. Nach ard iad na beanna atá ar an bhfia seo!

an fhéasóg



3. Cén dath atá ar an bhféasóg? Bán!




an fheadóg

4. Is féidir ceol deas a bhaint as an bhfeadóg.

an fháinleog



5. Feicim eireaball gabhlach ar an bhfáinleog agus í ag eitilt sa spéir.



an fíodóir

6. Tá spól ag an bhfíodóir seo, chun an olann a stiúradh tríd an snáth.

an feirmeoir



7. Tá ráca ag an bhfeirmeoir seo.

Athraíonn **urú** túsphuaim an fhocail. Is í fuaim **bh** urú **f**.

## An tUrú – Fuaim eile ng

Cuirimid urú ar **g** i ndiaidh **ar an agus as an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an ng nó as an ng**  
Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an gas



1. Is as an ngas a fhásann an bláth.



an gliomach

2. Tá ordóga móra ar an ngliomach.

an ghlúin



3. Tháinig fuil as an nglúin dheis.



an gluaisrothar

4. Ní fheicim gás ag teacht as an ngluaisrothar seo.




an garáiste

5. Níor tháinig an carr amach as an ngaráiste fós.



an gaiste

6. Tháinig an t-éan as an ngaiste.



an geata

7. Feicim dhá éinín ar an ngeata.

Athraíonn **urú** túsphuaim an fhocail. Is í fuaim **ng** urú **g**.

# An tUrú – Fuaim eile bp

Cuirimid urú ar **p** i ndiaidh **ar an** agus **as an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an bp** agus **as an bp**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.




1. Tá báisteach ag titim ar an bpuball.



2. Fásann cleití dubha ar an bpréachán.




3. Cén dath atá ar an bpéint?



4. Níl aon chré fanta ar an bpráta seo.



5. Tá dhá lámh ar an bpota seo.



6. Tá deatach ag teacht as an bpíopa.



7. Feicim airgead ag titim as an bpóca.

Athraíonn **urú** túsphuaim an fhocail. Is í fuaim **b** urú **p**.

## An Séimhiú 2

**réamhfhocal + an + ainmfhocal séimhithe**  
in Uladh

**réamhfhocal + an + urú + ainmfhocal**  
i gConnachta agus i Mumha,  
féach leathanaigh 131–136.

Glactar leis an dá chleachtas sa gCaighdeán Oifigiúil.



## ar an + c = ar an ch

Cuirimid séimhiú ar **c** i ndiaidh **ar an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an ch**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

cró an mhadra



1. Is ar an chró atá an madra!



an ciseán

2. Is ar an chiseán atá an bheach.

an crann úll



3. Tá úlla ag fás ar an chrann úll.



an cófra

4. Is ar an chófra atá an cat!



an coiléar



an coiléan

5. Níl coiléar ar an choiléan seo!



an cóta

6. Tá pócaí ar an chóta seo.

7. Thuirling an bheach ar an chiseán.

8. Cá bhfuil an cat? Tá sé ar an chófra.

9. An bhfuil coiléar ar an choiléan? Níl!


## ar an + b = ar an bh

Cuirimid séimhiú ar **b** i ndiaidh **ar an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an bh**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an bosca




1. Is ar an bhosca atá an sicín.



an bord

2. Tá an lampa ar an bhord.

an balla



3. Is ar an bhalla atá an cat.



an bosca

4. Tá an liathróid ar an bhosca.

an bhábóg



5. Is ar an bhábóg atá an gúna leis an dá chroí!

6. Tá an sicín ina sheasamh ar an bhosca.

7. Is ar an bhord atá an lampa.

8. Feicim an cat ar an bhalla.

9. Meas tú cé chomh fada agus a fhanfaidh an liathróid ar an bhosca?

10. Is breá liom an gúna atá ar an bhábóg. Tá meangadh ar an bhábóg freisin.



## ar an + f = ar an fh

Cuirimid séimhiú ar **f** i ndiaidh **ar an**, **as an** agus **ag an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an fh**, **as an fh** agus **ag an fh**  
Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an féasta



1. Tá cuma bhreá ar an fhéasta.



an fia

2. Nach ard iad na beanna atá ar an fhia seo!

an fhéasóg



3. Cén dath atá ar an fhéasóg? Bán!



an fheadóg

4. Is féidir ceol deas a bhaint as an fheadóg.

an fháinleog



5. Feicim eireaball gabhlach ar an fháinleog agus í ag eitilt sa spéir.



an fhíodóir

6. Tá spól ag an fhíodóir seo, chun an olann a stiúradh tríd an snáth.

an feirmeoir



7. Tá ráca ag an fheirmeoir seo.

## ar an + g = ar an gh

Cuirimid séimhiú ar **g** i ndiaidh **ar an** agus **as an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an gh** nó **as an gh**  
Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an gas



1. Is as an ghas a fhásann an bláth.



an gliomach

2. Tá ordóga móra ar an gliomach.

an ghlúin



3. Tháinig fuil as an ghlúin dheis.



an gluaisrothar

4. Ní fheicim gás ag teacht as an gluaisrothar seo.




an garáiste

5. Níor tháinig an carr amach as an gharáiste fós.



an gaiste

6. Tháinig an t-éan as an ghaiste.



an geata

7. Feicim dhá éinín ar an gheata.

# ar an + p = ar an ph

Cuirimid séimhiú ar **p** i ndiaidh **ar an** agus **as an**

Éistigí agus cloisfidh sibh **ar an ph** agus **as an ph**

Abraigí an frása agus an abairt in ár ndiaidh.

an puball



1. Tá báisteach ag titim ar an phuball.



an préachán

2. Fásann cleití dubha ar an phréachán.

an phéint



3. Cén dath atá ar an phéint?



an práta

4. Níl aon chré fanta ar an phráta seo.

an pota



5. Tá dhá lámh ar an phota seo.



an píopa

6. Tá deatach ag teacht as an phíopa.

an póca



7. Feicim airgead ag titim as an phóca.